Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14975/19**

**AGRILEG 215**
**VETER 108**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le leas ainmhithe - cuid dhílis de tháirgeadh inbhuanaithe ainmhithe<br>- *Conclúidí ón gComhairle (16 Nollaig 2019)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a ghlac an Chomhairle ar an 16 Nollaig 2019.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE LEAS AINMHITHE - CUID DHÍLIS DE THÁIRGEADH INBHUANAITHE AINMHITHE

DE BHARR AN MHÉID A LEANAS

(1) Tá tábhacht ar leith ag gabháil le ceist leas ainmhithe i meon shaoránaigh na hEorpa agus tá sin léirithe i ndlí an Aontais, go háirithe in Airteagal 13 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(2) Léiríonn suirbhéanna ar thuairimí an phobail gur mór an aird ar leas ainmhithe:

a. Léirigh an Eorabharaiméadar in 2015[1] gur mheas formhór na bhfreagróirí go raibh gá le feabhsuithe i leas ainmhithe feirme (82% de na freagróirí) agus i leas ainmhithe coimhdeachta (74% de na freagróirí). Ina theannta sin, measann na saoránaigh gur den tábhacht é freisin, i ndáil le táirgí a allmhairítear ó lasmuigh den Aontas, go ndéanfaí na caighdeáin chéanna leasa ainmhithe a urramú agus atá i bhfeidhm san Aontas agus gur cheart don Aontas níos mó a dhéanamh chun feasacht níos fearr ar leas ainmhithe a chur chun cinn, lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta.

b. De réir an Eorabharaiméadair, in 2018[2], ó thaobh thuairim an phobail agus an bheartais phoiblí de, tá an bhéim á cur níos mó ar cháilíocht bhia, leas ainmhithe agus caighdeáin chomhshaoil.

[1] https://ec.europa.eu/commfrontoffice/publicopinion/index.cfm/Survey/getSurveyDetail/instruments/SPECIAL/search/Attitudes%20of%20Europeans%20towards%20Animal%20Welfare/surveyKy/2096
[2] https://ec.europa.eu/commfrontoffice/publicopinion/index.cfm/Survey/getSurveyDetail/instruments/SPECIAL/search/Europeans,%20Agriculture%20and%20the%20CAP/surveyKy/2161

(3) Tá baint ag leas ainmhithe freisin leis an tslándáil bia ós rud é go rannchuidíonn sé le hathléimneacht, le héifeachtúlacht acmhainní agus le torthaí an chothromais shóisialta nó na freagrachta sóisialta, mar a chinn an Coiste um Shábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain[3]. Ina theannta sin, dá mhéid is fearr leas ainmhithe is ea is fearr an tairbhe don táirgeoir, mar shampla, mortlaíocht níos ísle, sláinte níos fearr agus cáilíocht, cainníocht agus praghas níos airde i gcás an táirge deiridh. Iarmhairt thábhachtach amháin ar leas ainmhithe níos fearr is ea gur frithsheasmhaí in aghaidh pataiginí na hainmhithe sin[4]. Laghdaíonn sin an gá le cógas agus, dá bhrí sin, cuireann sé leis an gcomhrac i gcoinne frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach agus tacaíonn sé le bearta bithshlándála i mbainistiú ghalair na n-ainmhithe.

(4) Rinneadh reachtaíocht reatha an Aontais i ndáil le leas ainmhithe a fhorbairt de réir a chéile thar na blianta d'fhonn leas ainmhithe a áirithiú agus cothrom na Féinne a chaomhnú d'fheirmeoirí agus d'oibreoirí laistigh den Aontas. Níl an reachtaíocht cuimsitheach, áfach, toisc nach n-áirítear inti caighdeáin íosta shonracha chun go leor ainmhithe feirmshaothraithe a chosaint, amhail ba déiríochta, eallach ramhraithe, caoirigh agus gabhair, éisc shaothraithe, coiníní saothraithe, eireoga, turcaithe, géanna agus lachain.

(5) In 2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an *European Union Strategy for the Protection and Welfare of Animals 2012-2015* [Straitéis an Aontais Eorpaigh do Chosaint agus Leas na nAinmhithe][5] (Straitéis 2012-2015), inar sainaithníodh liosta beart chun caighdeáin an leasa a fheabhsú agus chun tacú le forfheidhmiú agus comhlíonadh ar fud an Aontais.

(6) Bhunaigh an Coimisiún Eorpach Ardán an Aontais Eorpaigh maidir le Leas Ainmhithe in 2017. D'éirigh leis an ardán idirphlé maidir le saincheisteanna leasa ainmhithe a chur chun cinn i measc na n-údarás inniúil, lucht an tionscail, na sochaí sibhialta agus eolaithe, rud a d'éascaigh comhroinnt dea-chleachtas agus taithí eile. Ní mór todhchaí an ardáin a chinneadh.

---

[3] An Coiste um Shábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain (CFS), 2016. *Recommendations on Sustainable agricultural development for food security and nutrition: what roles for livestock?* [Moltaí i ndáil le forbairt thalmhaíoch inbhuanaithe do shábháilteacht sholáthar bia agus cothú: cén ról don bheostoc?] http://www.fao.org/cfs/home/products/en/

[4] EFSA, 2017. Tuairim eolaíoch chomhpháirteach ó EMA agus EFSA maidir le bearta chun an gá le húsáid oibreán frithmhiocróbach a laghdú i bhfeirmeoireacht ainmhithe san Aontas Eorpach, agus na tionchair a bheidh aige sin ar shábháilteacht bia (RONAFA). Iris 15 EFSA (1). https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/epdf/10.2903/j.efsa.2017.4666

[5] Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint agus leas ainmhithe 2012-2015 https://ec.europa.eu/food/sites/food/files/animals/docs/aw_eu_strategy_19012012_en.pdf

(7) Ar bhonn Airteagail 95 agus 96 den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, d'ainmnigh an Coimisiún dhá ionad tagartha don leas ainmhithe. Bunaíodh an chéad cheann i mí Mhárta 2018 agus cumhdaíonn sé leas muc; bunaíodh an dara ceann i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus cumhdaíonn sé leas éanlaithe clóis agus ainmhithe beaga feirmshaothraithe eile. Is gá a áirithiú gur féidir leis na lárionaid tagartha a gcúraimí a chomhlíonadh agus faisnéis iontaofa, chothrom le dáta a chur ar fáil do na húdaráis inniúla agus don Choimisiún faoi na torthaí taighde is déanaí, faoi theicnící nua, faoi tháscairí leasa ainmhithe agus faoi na dea-chleachtais is gá chun cur i bhfeidhm ceart na reachtaíochta a éascú agus chun comhlíonadh na reachtaíochta a fhíorú.

(8) Iarradh tuilleadh gníomhaíochta agus leag roinnt Ballstát béim ar an ngá le rialáil níos fearr, leas ainmhithe níos fearr agus ardú feasachta faoi chaighdeáin an Aontais (e.g. Dearbhú Comhpháirteach na Danmhairge, na Gearmáine agus na hÍsiltíre maidir le Leas Ainmhithe an 14 Nollaig 2014[6]) agus Páipéar Seasaimh na Danmhairge, na Gearmáine, na hÍsiltíre agus na Sualainne maidir le Treoir 2008/120/CE ón gComhairle a athbhreithniú[7]). Ina theannta sin, d'iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí reachtaíocht níos cuimsithí a thabhairt isteach agus go ndéanfaí an reachtaíocht atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr[8] agus [9]. In 2016, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid i dtuarascáil[10] gur ceann de na príomhfhadhbanna ó thaobh leas ainmhithe is ea é nach ndéantar reachtaíocht an Aontais a fhorfheidhmiú agus gur gá tuiscint níos fearr ar na rialacha.

(9) Bhí plé cuimsitheach ann, faoi Uachtaránachtaí na Bulgáire, na hOstaire agus na Rómáine, maidir leis na dúshláin do leas ainmhithe a bhaineann le hiompar fadraoin ainmhithe. In ainneoin an dul chun cinn a rinneadh maidir le forfheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle maidir le hiompar ainmhithe, is léir go bhfuil easnaimh agus neamhréireachtaí fós ann. Is gá na rialacha a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear na rialacha maidir le teocht agus am turais. Thairis sin, ba cheart a áirithiú go mbainfí úsáid níos fearr as na seiceálacha cúlghabhálacha agus as an gcóras TRACES mar aon le comhar gníomhach idir údaráis inniúla sna Ballstáit agus i dtríú tíortha.

---

[6] 16923/1/14 REV 1

[7] 5708/16

[8] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Samhain 2015 maidir le straitéis nua do leas ainmhithe 2016-2020 http://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2015-0417_EN.html?redirect

[9] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Feabhra 2019 maidir le hainmhithe a chosaint le linn a n-iompair laistigh agus lasmuigh den Aontas http://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2019-0132_EN.html

[10] An Coimisiún Eorpach, 2016. Tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i ndáil le cur chun feidhme Treoir 98/58/CE ón gComhairle maidir le cosaint ainmhithe a choinnítear chun críocha feirmeoireachta https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52016DC0558

(10) I gcaitheamh na mblianta, foilsíodh roinnt treoirlínte, staidéar agus tuarascálacha de chuid an Aontais inar cumhdaíodh ábhair leasa ainmhithe amhail marú, pórú, iompar, oiliúint, faisnéis do thomhaltóirí agus leas madraí agus cat i gcleachtais tráchtála. In ainneoin na n-iarrachtaí suntasacha a rinneadh in a lán Ballstát, áfach, ní féidir na laigí i bhforfheidhmiú na reachtaíochta a réiteach trí threoir nó trí fhaisnéis amháin, fad is a bheidh an reachtaíocht oscailte do léirmhínithe éagsúla.

(11) Tá fáil ar roinnt tuairimí eolaíocha a d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) chomh maith le foilseacháin eolaíocha eile agus is féidir iad a úsáid chun reachtaíocht leasa ainmhithe a ullmhú agus a athbhreithniú.

(12) Ní hé an reachtaíocht an t-aon bhealach amháin inar féidir leas ainmhithe a chur chun cinn, agus tá roinnt beart deonach ar fáil, amhail caighdeáin cháilíochta agus cláir leasa ainmhithe. Tá cláir leasa ainmhithe dheonacha a bhaineann le lipéadú speisialta seolta cheana féin i roinnt Ballstát. Bhí tomhaltóirí sásta leo agus bhí siad in ann a gcinntí ceannaigh a bhunú ar chúinsí leasa ainmhithe, agus fuair na táirgeoirí préimh dá n-iarrachtaí. Ní mór trédhearcacht agus inchreidteacht scéimeanna den sórt sin a áirithiú, áfach.

(13) In 2019, ghlac an Chomhairle conclúidí[11] bunaithe ar thuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí[12] inar aithníodh go ndearnadh roinnt dul chun cinn suntasach i réimsí amhail grúpthithíocht do chránacha agus an cosc ar chásanna neamhshaibhrithe do bhéaróga. Tugadh ar aird sna conclúidí go raibh roinnt laigí fós ann maidir le híoschaighdeáin a chomhlíonadh agus go bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní airgeadais an chomhbheartais talmhaíochta chun caighdeáin níos airde leasa ainmhithe a chur chun cinn.

---

[11] Conclúidí ón gComhairle (12 Feabhra 2019) https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-11073-2019-INIT/en/pdf

[12] Cúirt Iniúchóirí na hEorpa. Tuarascáil speisialta Uimh. 31/2018 maidir le leas ainmhithe san Aontas Eorpach https://www.eca.europa.eu/en/Pages/DocItem.aspx?did=47557

(14) In 2019, d'iarr Parlaimint na hEorpa[13] ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit córas a chur chun cinn ina n-iompraítear feoil nó conablaigh, nuair is féidir, seachas ainmhithe beo. Rinne Parlaimint na hEorpa moltaí eile freisin maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú na reachtaíochta iompair agus maidir le sáruithe a ionchúiseamh.

(15) B'fhiúntach an rud é tuilleadh plé a dhéanamh ar na gnéithe inbhuanaitheachta a bhaineann le hiompar fadraoin ainmhithe beo agus ar an tionchar a bhíonn ag cuspóirí éagsúla na trádála.

(16) Ina thuarascáil ar iomaíochas tháirgeoirí beostoic na hEorpa (2018)[14], ba é conclúid an Choimisiúin nach raibh baint thábhachtach ag riachtanais leasa ainmhithe le cinneadh iomaíochas coibhneasta na gcostas. Conclúid eile ab ea go raibh ról i bhfad níos mó ag tosca eile amhail costais saothair agus beatha. Ar an taobh eile, thug an Coimisiún dá aire go raibh an-tionchar ag an Aontas ó thaobh feasacht a mhúscailt maidir le caighdeáin leasa ainmhithe i gcoitinne agus gur gá leanúint leis na hiarrachtaí sin.

(17) I mí Bhealtaine 2019, sheol an Coimisiún meastóireacht ar Straitéis 2012-2015, mar a moladh i dtuarascáil na Cúirte Iniúchóirí. Is é an aidhm a bhí ag an meastóireacht measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhain Straitéis an Aontais amach na cuspóirí a bhí beartaithe agus a mhéid atá na cuspóirí sin fós ábhartha agus comhleanúnach sa lá atá inniu ann. Tá sé beartaithe go ndéanfar an mheastóireacht a ghlacadh faoi dheireadh 2020.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH MAR A LEANAS:

(1) CUIREANN SÍ I dTREIS gur cuid lárnach é leas ainmhithe de tháirgeadh inbhuanaithe ainmhithe.

(2) CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfeabhsaítear sláinte ainmhithe agus go laghdaítear an gá le hantaibheathaigh a úsáid le leas maith ainmhithe i gcoitinne, agus go laghdaítear an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, dá bharr sin freisin. I gcásanna áirithe, áfach, ní mór bearta leasa ainmhithe a chur in oiriúint do chás na ngalar ainmhithe chun bithshlándáil leordhóthanach a áirithiú.

---

[13] Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hainmhithe a chosaint le linn a n-iompair laistigh agus lasmuigh den Aontas http://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2019-0132_EN.html

[14] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal *The impact of animal welfare international activities on the competitiveness of European livestock producers in a globalised world* [An Tionchar atá ag gníomhaíochtaí idirnáisiúnta leasa ainmhithe ar iomaíochas tháirgeoirí beostoic na hEorpa i saol domhandaithe] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/TXT/?uri=CELEX%3A52018DC0042

(3) AITHNÍONN SÍ go bhfuil feabhas tagtha ar leas ainmhithe mar thoradh ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe agus mar thoradh freisin ar ghníomhaíochtaí deonacha agus infheistíochtaí á ndéanamh ag feirmeoirí agus oibreoirí eile.

(4) IS DÍOL SÁSAIMH DI an measúnú seachtrach ar thoradh na Straitéise 2012-2015 agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Straitéis nua a fhorbairt lena gcuirfí an measúnú sin san áireamh freisin.

(5) AITHNÍONN SÍ go bhfuil reachtaíocht uileghabhálach ann a dhéileálann le leas ainmhithe i gcás na n-ainmhithe uile a choimeádtar chun críocha feirmeoireachta agus go bhfuil reachtaíocht níos sonraí ann a dhéileálann le laonna, muca, gríoscacháin agus béaróga, ach go bhféadfaí reachtaíocht maidir le leas ainmhithe a fhorbairt tuilleadh nó a nuashonrú chun fadhbanna praiticiúla sa reachtaíocht atá ann cheana a chur san áireamh, mar aon le heolas eolaíoch agus forbairt theicniúil níos déanaí, chun leas ainmhithe agus an comhchuibhiú a fheabhsú. Is iad seo a leanas go háirithe na ceanglais atá ann faoi láthair ar gá tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu: iompar ainmhithe, leas muc, gnáthaimh phianmhara agus táscairí leasa ainmhithe. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur féidir feabhas a chur ar mharú ainmhithe, go háirithe trí thaighde eolaíoch a spreagadh ar stiúdadh agus 'stiúdadh simplí' de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 1099/2009.

(6) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le reachtaíocht nua lena gcumhdófaí na speicis ainmhithe go léir a choinnítear i gcomhthéacs gníomhaíochta eacnamaíche nach bhfuil reachtaíocht shonrach maidir le leas ainmhithe ann dóibh faoi láthair, go háirithe i gcás eallach sé mhí d'aois ar a laghad, coiníní, eireoga, madraí agus cait ach freisin póraitheoirí turcaithe, gríoscacháin agus béaróga, chomh maith le caoirigh, gabhair agus éisc feirme.

(7) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá feabhas a chur ar leas ainmhithe agus iad á n-iompar thar achair fhada. Mar sprioc ghearrthéarmach, MOLANN SÍ don Choimisiún agus na Ballstáit teacht ar réitigh lena n-éascófaí forfheidhmiú na reachtaíochta iompair atá ann cheana, lena n-áirítear trí bhealaí a fhorbairt a thuilleadh chun faisnéis a mhalartú idir údaráis na mBallstát, agus IARRANN SÍ go ndéanfaí níos mó plé i bhfóraim éagsúla maidir le hinbhuanaitheacht na trádála in ainmhithe beo seachas trádáil i bhfeoil. MOLANN SÍ don Choimisiún Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.

(8) MEABHRAÍONN SÍ gur cheart aon leasuithe ar an reachtaíocht atá ann cheana nó aon reachtaíocht nua a bheith bunaithe ar an taighde agus an taithí eolaíoch is déanaí ó na Ballstáit agus gur cheart taighde eolaíoch nua a thionscnamh nuair is gá sin.

(9) CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá saineolas eolaíoch agus comhordú breise freisin d'fhonn forfheidhmiú na reachtaíochta atá ann cheana a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais. Ba cheart tacú leis na hiarrachtaí forfheidhmiúcháin comhchuibhithe trí na pointí teagmhála náisiúnta maidir le hiompar ainmhithe agus ba cheart úsáid a bhaint, sna hiarrachtaí sin, as faisnéis arna cur ar fáil ag Lárionaid Tagartha an Aontais do Leas Ainmhithe agus Ardán an Aontais maidir le Leas Ainmhithe.

(10) IS MÓR AICI gníomhaíochtaí Ardán an Aontais maidir le Leas Ainmhithe agus TACAÍONN SÍ leis an tuairim gur cheart dó leanúint de bheith ina fhóram luachmhar chun idirphlé idir na geallsealbhóirí ábhartha a chur chun cinn. MOLANN SÍ don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar obair an Ardáin agus é a fhorbairt a thuilleadh, go háirithe ó thaobh feabhas a chur ar rannpháirtíocht na mBallstát uile.

(11) MOLANN SÍ don Choimisiún acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil d'ionaid tagartha an Aontais do leas ainmhithe agus glao a oscailt le haghaidh ionaid bhreise lena gcumhdófaí, mar shampla, athchogantaigh agus eachainmhithe, lena n-áirítear na hoibríochtaí iompair agus maraithe a bhaineann leo.

(12) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le creat rialála de chuid an Aontais a mbeadh critéir leasa ainmhithe ag gabháil leis, ag tarraingt ar an taithí náisiúnta, agus measúnú a dhéanamh freisin ar an tionchar a bheadh ag an gcreat sin.

(13) MOLANN SÍ do na Ballstáit úsáid éifeachtúil éifeachtach a bhaint as acmhainní airgeadais an chomhbheartais talmhaíochta chun feabhas iarbhír a chur ar leas ainmhithe.

(14) AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé leas ainmhithe a chur chun cinn ar fud an domhain, agus an ghéar-iomaíocht atá ag feirmeoirí an Aontais sa trádáil dhomhanda agus, dá bhrí sin, CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé leas ainmhithe a áireamh i gcomhaontuithe saorthrádála a mhéid is féidir agus MEASANN SÍ gur ceann de na bealaí is ea iad na comhaontuithe sin chun leas na n-ainmhithe a chur chun cinn ar fud an domhain.

(15) Is DÍOL MÓR SÁSAIMH DI go bhfuil an Coimisiún agus Ballstáit an Aontais rannpháirteach gníomhach i bhforbairt chaighdeáin, threoirlínte agus ghníomhaíochtaí eile na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, lena n-áirítear Ardán OIE maidir le Leas Ainmhithe san Eoraip, chomh maith le nascadh, oiliúint agus gníomhaíochtaí eile idirnáisiúnta. MOLANN SÍ go leanfaí den obair sin agus béim ar leith á leagan ar thíortha a n-onnmhairítear ainmhithe beo chucu agus a n-allmhairítear táirgí ainmhithe isteach san Aontas astu. MOLANN SÍ freisin go gcuirfí chun cinn caighdeáin Chód Sláinte Ainmhithe Talún na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe maidir le hiompar ainmhithe de thalamh agus ar muir, maidir le marú agus maidir le córais táirgthe ainmhithe feirme.

(16) MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit tacú le tuilleadh cumarsáide agus oideachais a chur ar fáil don phobal, d'oibreoirí agus do chomhpháirtithe trádála maidir leis an ról bunriachtanach atá ag caighdeáin mhaithe leasa ainmhithe chun tacú le sláinte ainmhithe, le sábháilteacht bia, le slándáil bia agus le hearnáil agraibhia inbhuanaithe.